

## Cad is achomharc i leith pianbhreithe ann?

- Ciallaíonn achomharc i leith pianbhreithe gur chuir an duine ciontaithe i do chás achomharc isteach i gcoinne a phianbhreithe/pianbhreithe. Tá sé á rá acu go raibh an phianbhreith bhunaidh róthrom.
- Beidh an Rannán Achomharc ag Oifig an Stiúrtóra Ionchúiseamh Poiblí ag déileáil leis an gcás.
- Cé gur féidir le duine ciontaithe atá sa phríosún iarratas a dhéanamh ar bhannaí agus é nó í ag fanacht leis an achomharc, ní rómhínic a cheadaítear bannaí. Má cheadaítear bannaí, ní dhéantar amhlaidh ach i gcásanna eisceachtúla.
- Nuair a bheidh an páipéarachas ar fad curtha i gcrích ag foireann dhlíthiúil an duine ciontaithe, is féidir leo iarratas a dhéanamh ar dháta don éisteacht.
- Léifidh breithiúna na Cúirte Achomharc an taifead scríofa (na tras-scríbhinní) ar an bhfianaise go léir ón mbunchúirt, ionas go mbeidh tuiscint acu ar cad a tharla go díreach ag an triail.

## Cad a bheidh i gceist ag éisteacht chúirte

- Ní chaithfidh tú freastal ar éisteacht an achomhairc, ach is féidir leat freastal uirthi más mian leat.
- Coinneoidh an Garda iniúchta ar an eolas thú faoin achomharc.
- Is féidir leis an nGarda iniúchta cruinniú a eagrú leis an abhcóide ionchúisimh agus atur nae roimh éisteacht an achomhairc más mian leat é sin a dhéanamh.
- Éistfidh trí bhreitheamh an t-achomharc a bheidh ina suí sa Chúirt Achomharc (Coiriúil) a shuíonn sna Cúirteanna Breithiúnais Coiriúla i mBaile Átha Cliath de ghnáth.
- Ar dháta na héisteachta éistfidh na trí bhreitheamh aighneachtaí dlíthiúla ón bhfoireann ionchúisimh agus ón bhfoireann chosanta araon.
- Is annamh go nglaofar ar fhinnéithe ar bith chun fianaise a thabhairt ag an éisteacht seo.
- Má theastaíonn níos mó ama ó na breithiúna chun an cás a bhreithniú, tiocfaidh siad le chéile ar dháta eile lena gcinneadh a thabhairt.
- Féadfaidh na breithiúna a chinneadh go raibh an phianbhreith bhunaidh ceart agus mar sin ní dhéanfaidh siad athrú ar bith ar an bpianbhreith.
- Ar an lámh eile, féadfaidh na breithiúna a chinneadh nach raibh an phianbhreith bhunaidh ceart agus mar sin féadfaidh siad an phianbhreith a laghdú nó a choigeartú.

## Cé leis le teagmháil a dhéanamh má bhíonn tuilleadh fiosruithe agat

- Má bhíonn tuilleadh fiosruithe agat, déan teagmháil le do thoil leis an nGarda iniúchta a chuirfidh fiosruithe ar bith ar aghaidh chuig Oifig an Stiúrtóra Ionchúiseamh Poiblí.

